An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar Ghaeilge
TUAIRISC

Saint Tiernan's College
Crois Mhaolíona, Contae Mhaigh Eo
Uimhir Rolla: 72100J

Dáta na cigireachta: 26 Eanáir 2016

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS
INSPECTORATE

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta na cigireachta	26 Eanáir 2016
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith chúig thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama maithe mar shaintréith i bhformhór na gceachtanna agus bhí cleachtais mhúinteoireachta agus fhoghlama eiseamláireacha in úsáid i gcás mhionlach suntasasch. Chomh maith leis sin, bhí scóip chun forbartha ar na modhanna a bhí in úsáid i líon beag eile.
- Bhain láidreachtaí suntasacha le cáilíocht na n-acmhainní teagaisc agus foghlama atá forbartha don teanga agus déantar na fearais tacúla seo a roinnt idir bhaill na foirne.
- Tá córais mhaithe in úsáid ag an roinn don mheasúnú ar an bhfoghlaim ina bhfuil aitheantas tugtha do na scileanna teanga go léir do gach bliainghrúpa
- Bhí an-dul chun cinn déanta i bhformór na bpleananna curaclaim ach bhí gá le forbairt i gcás an bheagáin díobh.
- Tá plean gníomhaíochta deartha ag an roinn bunaithe ar na tosaíochtaí atá aitheanta acu don scoilbhliain seo.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Bheadh sé tairbheach don roinn plé a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí teagaisc agus foghlama chun cleachtais a fhorbairt agus a roinnt idir bhaill na foirne.
- Is é cuid an mheasúnaithe chun foghlama de chleachtas na roinne an ghné is mó ina bhfuil gá le forbairt, i gcás formhór na gceachtanna a breathnaíodh.
- Moltar forbairt a dhéanamh ar phleananna curaclaim áirithe chun an teanga a mhúineadh ar bhealach comhtháite téamach agus na pleananna curaclaim is fearr a úsáid mar eiseamláirí chun an obair seo a threorú.
- Bheadh sé tairbheach céimeanna insroichte a cheapadh chun dul chun cinn sna réimsí aitheanta a bhaint amach sa phlean gníomhaíochta d'fhorbairt na teanga.

RÉAMHRÁ

Is scoil chomhoideachais é Saint Tiernan's College atá ag feidhmiú faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Tá an scoil seo ar cheann den dá scoil atá ag soláthar oideachais dara leibhéil sa bhaile seo agus tá 190 scoláire ag freastal uirthi. Tá clár na hIdirbhliana mar chuid de churaclam na scoile ar bhonn roghnach.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí na teicnící teagaisc agus foghlama ar cháilíocht a bhí go maith i dtromlach na gceachtanna agus i gcás níos lú ná leath de na ranganna bhí modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama eiseamláireacha in úsáid. Bhí scóip le forbairt a dhéanamh ar na modhanna i líon beag eile a breathnaíodh.
- Roinneadh na spriocanna foghlama go foirmiúil leis na scoláirí ag tús na gceachtanna mar chuid de ghnáthchleachtas na múniteoirí agus rinne múinteoir amháin achoimre chuimsitheach ar na spriocanna foghlama leis na scoláirí i gcás dhá cheacht.
- B'fhearr an cleachtas sna ceachtanna sin ina raibh forbairt chéimnithe déanta ar an ábhar idir lámha, ina raibh comhtháthú déanta ar scileanna uile na teanga, ina raibh luas fiúntach faoi obair na ranganna agus inar tugadh faoi obair réamhscileanna an-mhaith leis na scoláirí, rud a chuir ar a gcumas na tascanna difriúla a chur i gcrích.
- Ba cheart obair réamhscileanna a dhéanamh do gach gníomhaíocht teagaisc agus foghlama. Rachadh sé chun tairbhe na foghlama chomh maith obair iarscileanna a dhéanamh mar ghnáthnós i ngach ceacht.
- Rinneadh freastal maith ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí le linn na hoibre tascbhunaithe i gcás na ranganna ar fad.
- Baineadh feidhm as straitéisí éifeachtacha ceistiúcháin i bhformhór na gceachtanna agus b'fhiú go mór cur chuige dá macasamhail a úsáid ar bhonn níos forleithne.
- Ba í an Ghaeilge a bhí in úsáid ag na múinteoirí do gach idirghníomhaíocht ranga. Bhí nósanna imeachta maithe in úsáid maidir le haird na scoláirí a dhíriú ar chruinneas na teanga, ar phointí gramadaí agus ar phointí canúna i gcaitheamh formhór mór na ranganna.
- Ba theoranta an úsáid a baineadh as na straitéisí scoile uile atá aontaithe mar chuid den fhéinmheastóireacht scoile don litearthacht agus don uimhearthacht i gcaitheamh na gceachtanna.
- Bhí ceartúcháin mheicniúla déanta ar obair na scoláirí i bhformhór na gcóipleabhar agus bhí cóipleabhair ann freisin nach raibh le léamh orthu ach monatóireacht i bhfoirm tic. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas seo.
- Ní raibh aiseolas forásach le léamh ach ar aon sraith cóipleabhar amháin a bailíodh go randamach i ngach rang. Tuairiscíodh go dtugtar aiseolas ó bhéal ar obair na scoláirí i gcaitheamh na gceachtanna agus bhí fianaise ar an méid sin i gceacht amháin.
- B'fhiú go mór don roinn plé a dhéanamh ar na hionchais atá acu maidir le haiseolas forbarthach i bhfoirm scríbhinn a sholáthar do na bliainghrúpaí difriúla agus cur chuige a aontú dá réir.

- Déatar mar mholadh freisin tuilleadh úsáide a bhaint as an bhféinmheasúnú agus as an bpiarmheasúnú leis na bliainghrúpaí go léir, chun freagracht níos mó a thabhairt do na scoláirí sa phróiseas measúnaithe.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá soláthar maith á dhéanamh do theagasc agus foghlaim na Gaeilge sa scoil agus agus tá taithí ag na múinteoirí go léir ar mhúineadh ag an dá thimthriall agus ag na leibhéil scrúdaithe difriúla.
- Is céimithe le Gaeilge iad na múinteoirí go léir atá ag múineadh an ábhair agus iad an-ghníomhach maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach.
- Bhain caighdeán eiseamláireach leis na hacmhainní atá á gcnuasach agus á roinnt do theagasc agus foghlaim na Gaeilge.
- Tá díolúine ón nGaeilge de réir fhorálacha Imlitir M10/94 ag trí déag faoin gcéad de mhóriomlán na scoláirí agus tá na socruithe a bhaineann leis na scoláirí a bhfuil díolúine acu sásúil
- Glacann scoláirí na scoile seo páirt i réimse maith imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim agus é mar chuspóir ag an roinn eispéaras a thabhairt do na scoláiri ar an nGaeilge mar theanga bheo, chomh maith le suim na scoláirí sa Ghaeilge agus sa chultúr Gaelach a chothú.
- Maidir le timpeallacht na foghlama sna seomraí ranga, bhí cáilíocht an mhéid sin go maith ó thaobh méid agus réimse na teanga a bhí ar taispeáint sna seomraí ranga go léir.
- Tá bealaí cuimsitheacha in úsáid ag an roinn chun measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim go rialta. Cuirtear na ceithre scil teanga san áireamh sna trialacha a dhéantar leis na scoláirí go léir. Déantar cumas labhartha na scoláirí a shonrú sna tuairiscí a sheoltar abhaile faoi dhó in imeacht na scoilbhliana.
- Tá anailís an-mhaith á déanamh ag na múinteoirí ar thorthaí na scrúduithe teistiméireachta sa Ghaeilge i gcomhthéasc na norm náisiúnta. Tá sé le moladh go gcuirtear torthaí na hainlíse seo san áireamh is plean gníomhaíochta do chur chun na teanga á aontú ag an roinn.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Bhí an-dul chun cinn déanta i bhformór na bpleananna curaclaim ach bhí gá le forbairt i gcás an bheagáin díobh.
- Bhí fianaise sna pleananna curaclaim gur doicméid oibre a bhí iontu agus nótaí athmhachnaimh le léamh orthu.
- Moltar forbairt a dhéanamh ar phleananna curaclaim áirithe chun an teanga a mhúineadh ar bhealach comhtháite téamach agus na pleananna curaclaim is fearr a úsáid mar eiseamláirí chun an obair seo a threorú.
- Tá obair mhaith déanta ar chlár staidéar na hIdirbhliana. Moltar *Punann na dTeangacha Eorpacha* a chur san áireamh mar cheann de na huirlisí measúnaithe i gcaitheamh na bliana seo.

- Tá plean gníomhaíochta deartha ag an roinn bunaithe ar na tosaíochtaí atá aitheanta acu don scoilbhliain seo. B'fhiú go mór anois céimeanna insroichte a cheapadh chun dul chun cinn sna réimsí aitheanta a bhaint amach
- Bhí cáilíocht na pleanála gearrthréimhsí agus cáilíocht an ullmhúcháin do na ceachtanna sa réimse a bhí idir go maith agus go han-mhaith bunaithe ar an gcleachtas i bhformhór na gceachtanna. Bhí gá le forbairt a dhéanamh i mionlach díobh.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

School management continue to support all CPD in relation to this subject but paying further attention to aspects of AFL and AOL.
The whole staff have already had in-service this term on numeracy and formative assessment.
We feel that summative and formative assessment work side by side and both have their place.
The Irish Department will put further emphasis on SnaG to build on the good work already taking place.
As part of Croke Park hours, time will be given to teachers to share teaching and learning initiatives not only within their departments but also as a whole staff. This will give an opportunity to further collaborative teaching at a whole school level.
We intend to implement the 'Two Stars and A Wish' initiative for assessment of homework within our dept.
We will review our schemes and ensure all reflect a thematic approach.
The European Language Portfolio is currently being reviewed by the department as a possible assessment tool for TY.